**Ceist tosaíochta i gcomhair freagra i scríbhinn P-001701/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 138

**Kateřina Konečná** (The Left), **Marisa Matias** (The Left), **Frédérique Ries** (Renew), **István Ujhelyi** (S&D), **Antoni Comín i Oliveres** (NI), **Franc Bogovič** (PPE), **Tilly Metz** (Verts/ALE), **Pascal Arimont** (PPE), **Tomislav Sokol** (PPE), **Ondřej Knotek** (Renew), **Stelios Kouloglou** (The Left), **Mick Wallace** (The Left), **Robert Hajšel** (S&D), **Željana Zovko** (PPE), **Max Orville** (Renew), **César Luena** (S&D), **Nicolás González Casares** (S&D)

Ábhar: Freagra ón gCoimisiún ar rún ón bParlaimint maidir le diaibéiteas

I mí na Samhna 2022, ghlac an Pharlaimint rún maidir le diaibéiteas. Thug an Coimisiún freagra air i mí an Mhárta 2023. Ina fhreagra, luaigh an Coimisiún an obair a bhí déanta aige ar chosc príomhúil trí thionscnaimh amhail ‘Healthier Together’. Níor luaigh sé, áfach, cosc tánaisteach ná spriocanna nithiúla uile-Aontais.

1. Meabhraítear sa rún spriocanna cumhdaigh domhanda na hEagraíochta Domhanda Sláinte don diaibéiteas le haghaidh 2030. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas freisin tacú leis na Ballstáit Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, go háirithe sprioc 3.4 chun básmhaireacht anabaí ó ghalair neamhtheagmhálacha a laghdú. An gcuirfidh an Coimisiún plean don diaibéiteas i láthair, ina mbeidh clocha míle comhordaithe, spriocanna agus treochlár cur chun feidhme, chun na spriocanna sin a bhaint amach?

2. Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an iarraidh feabhas a chur ar shaol na daoine a bhfuil diaibéiteas orthu san Aontas (32 mhilliún duine), ar daoine iad atá i mbaol aimhréidheanna tromchúiseacha a fhorbairt amhail galair chardashoithíocha agus ailsí áirithe?

3. Iarrtar sa rún ar an gCoimisiún dul i dteagmháil, ar bhealach struchtúrtha, le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar othair agus ar dhaoine a bhfuil diaibéiteas orthu. Tar éis an phróisis chomhchruthaithe don tionscnamh ‘Healthier Together’, ní raibh aon chomhairliúchán eile ann leis an tsochaí shibhialta agus le daoine a bhfuil diaibéiteas orthu. Tá níos mó i gceist leis an bplé leis an tsochaí shibhialta ná riachtanais riaracháin a shásamh. Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún plé go fóinteach le hothair agus leis an tsochaí shibhialta chun Aontas Sláinte Eorpach níos láidre a thógáil?

Curtha síos: 26.5.2023